Ceisteanna maidir le tarraingt siar iarrthóra

1. An mbeidh Jim Gavin ar an bpáipéar ballóide go fóill?

Beidh sé ar an bpáipéar ballóide go fóill. Foráiltear le halt 30 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993, maidir le hiarrthóireacht a tharraingt siar i dtoghchán na huachtaránachta. Tá leagtha amach ann go bhféadfadh duine a sheachaid a bpáipéar ainmniúcháin don Cheann Comhairimh Toghcháin Uachtaráin a n-iarrthóireacht a tharraingt siar tráth ar bith sula gcríochnófar an rialú ar ainmniúcháin ach ní ina dhiaidh sin.

Is próiseas é an rialú ar ainmniúcháin ina rialaíonn Ceann Comhairimh an Uachtaráin ar bhailíocht na bpáipéar ainmniúcháin a fuair sé thar thréimhse an ainmniúcháin. De réir alt 20 d'Acht 1993, rinneadh an rialú maidir le hainmniúcháin do thoghchán na huachtaránachta ag 15.00 Dé Céadaoin 24 Meán Fómhair.

Fógraíodh iad seo a leanas a bheith ainmnithe mar iarrthóirí sa toghchán: Catherine Connolly, Jim Gavin agus Heather Humphreys.

Foráiltear le halt 37(2)(a) d'Acht Toghcháin an Uachtaráin, 1993 go mbeidh ainmneacha agus tuairiscí na n-iarrthóirí atá ainmnithe sa toghchán ar pháipéar ballóide.

Dá bhrí sin, cuireadh an triúr iarrthóirí ainmnithe ar an bpáipéar ballóide.

2. Cad é stádas dlíthiúil ainmniúchán Jim Gavin? An meastar gur tharraing sé amach nó an iarrthóir é fós?

Foráiltear le halt 30 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993, go bhféadfar iarrthóireacht a tharraingt siar sula mbeidh an rialú ar ainmniúcháin críochnaithe, ach ní ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, fanann an tUasal Gavin ina iarrthóir go foirmiúil.

3. Cén chaoi a gcaithfear le vótaí don Uasal Gavin (céadrogha nó roghanna eile) le linn chomhaireamh na vótaí?

Caithfear le páipéir bhallóide a bhfuil roghanna orthu don Uasal Gavin, agus comhairfear iad, ar an mbealach céanna leis na páipéir do na hiarrthóirí eile. Ní bheidh aon éifeacht ar an tarraingt siar a d'fhógair sé ar chomhaireamh na vótaí.

Tar éis an chéad chomhairimh ag comhaireamh na vótaí, déanfar an t-iarrthóir leis an líon is ísle céadroghanna a eisiamh, más gá, agus déanfar na roghanna eile atá ar fáil ar na páipéir bhallóide sin a dháileadh i measc na n-iarrthóirí atá fágtha, mar a dhéantar de ghnáth ag imeachtaí toghcháin.

4. An féidir le Fianna Fáil iarrthóir eile a ainmniú in áit an Uasail Gavin?

Ní féidir. Dhún tréimhse na n-ainmniúchán ag meán lae ar an 24 Meán Fómhair 2025.

5. Cén fáth nach n-osclaítear an próiseas ainmniúcháin arís ionas gur féidir le hiarrthóir eile nó iarrthóirí nua a bheith ann?

Ní cheadaítear iarrthóirí ionaid ná iarrthóirí nua le hAcht Toghchán an Uachtaráin, 1993. Tá Alt 30 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993 soiléir maidir le foráil a dhéanamh maidir le hiarrthóireacht a tharraingt siar as toghchán an uachtaráin tráth ar bith roimh chríochnú an rialaithe ar ainmniúcháin, ach ní ina dhiaidh sin. Níl aon fhoráil san Acht maidir le hathoscailt an phróisis ainmniúcháin sna cúinsí sin. 2

6. Cad a tharlóidh do phóstaeir/leabhráin toghcháin Jim Gavin?

Is faoin Uasal Gavin é féin é sin. De réir Alt 19 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997, arna leasú, is féidir póstaeir iarrthóirí a thaispeáint ó 30 lá roimh an toghchán, nó ón dáta a síníodh an tOrdú um Thoghchán Uachtaráin, cibé acu is giorra. D'fhéadfaí póstaeir na n-iarrthóirí a thaispeáint ón 24 Meán Fómhair. Ní mór iad a bhaint laistigh de 7 lá tar éis an toghcháin.